Polasaí Choláiste an Eachréidh maidir le Bulaíocht (lch.12 dialann na ndaltaí)

Aguisín 1 Teimpléad le haghaidh beartas frithbhulaíochta

Baineann an polasaí seo le scoláirí uile an Choláiste le linn dóibh a bheith i gcúram na scoile, bíodh sin ar láthair na scoile féin nó ócáidí lasmuigh agus iad faoi fheitheoireacht na scoile.

Beifear ag súil go gcloífidh na scoláirí le meon an pholasaí seo ag gach tráth ábhartha. Caithfear cloí leis an gCód Iompair i leith bulaíochta mar ghné ann féin de Chód Iompair an Choláiste.

Dearbhaítear i Ráiteas Misin na scoile go "*...**ndéantar gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ... do na scoláirí***". Ag eascairt as an aidhm sin is cuspóir don pholasaí seo féachaint chuige, sa mhéid is gur féidir sin a dhéanamh go réasúnta i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil, go mbeadh timpeallacht ag na scoláirí a bheadh saor ó chuile chineál bulaíochta.

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta **COLÁISTE AN EACHRÉIDH** mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

☐ Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
- ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
- ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
- ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;

➢ Tabhair dea-shampla d'iompar ina léirítear meas do gach ball de phobal na scoile i ngach caidreamh a bhíonn agat leo.
➢ Múin do na daltaí go sainráite an rud is teanga a léiríonn meas agus iompar a léiríonn meas ann, an tslí ina gcuirtear in iúl é, an tionchar a bhíonn aige sa seomra ranga agus ar fud na scoile.
➢ Cuir teachtaireachtaí láidre measa ar taispeáint sa seomra ranga, in áiteanna tionóla agus ar fud na scoile. Bíodh na daltaí bainteach le dréachtú na dteachtaireachtaí.

- Beir orthu agus iad á n-iompar féin i gceart - tabhair aird ar an gcineál iompair atá uait agus mol é nuair a fheiceann tú é.
- Téigh i ngleic ar shlí chomhsheasmhach le haon teanga idirdhealaitheach agus maslach a úsáidtear sa scoil – áirítear air sin teanga homafóbach agus ciníoch agus teanga a dhéanann beag is fiú de dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Tabhair aiseolas cuiditheach do dhaltaí nuair nach mbíonn iompar agus teanga a léiríonn meas le sonrú uathu.
- Bíodh córas spreagthaí agus luachanna saothair ann chun iompar inmhianaithe a chur chun cinn mar aon le géilliúlacht do rialacha agus do ghnásanna na scoile.
- Múin go sainráite do na daltaí conas meáin shóisialta a úsáid ar shlí fhreagrach.
- Tabhair spreagadh do na daltaí chun géilleadh do rialacha na scoile maidir le húsáid fón póca agus an Idirlín. Déan obair leantach le daltaí nach dtugann aird ar na rialacha.
- Tabhair ról gníomhach do thuismitheoirí agus/nó do Chumann na dTuismitheoirí i bhfeachtais chun feasacht mar gheall ar mheáin shóisialta a mhúscailt.
- Leag béim ar an gceart atá ag gach duine i bpobal na scoile ar a bheith slán sábháilte sa scoil.
- Múin rialacha na scoile go sainráite sa seomra ranga agus in áiteanna tionóla i dteanga a thuigfidh na daltaí, agus cuir béim ar na rialacha sin.
- Féadann gach ball foirne a bheith san airdeall chun aon iompar bulaíochta a thabhairt faoi deara.
- Cinntigh go bhfuil dóthain maoirseachta sa chlós agus lasmuigh den scoil.
- Féadann foireann na scoile comhairle a fháil ó na daltaí faoi na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht agus faoi na hamanna ag a dtarlaíonn sé.
- Is gnách do na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht a bheith sa chlós agus lasmuigh den scoil, i seomraí gléasta, i ndorchlaí agus in áiteanna eile inar beag maoirseacht a dhéantar.
- Is gnách bulaíocht a bheith coitianta nuair nach mbíonn maoirseacht struchtúrtha ann, mar shampla nuair a bhíonn daltaí sa chlós nó ag athrú seomraí ranga.
- Tacaigh le bunú comhairlí scoile agus lena gcuid oibre.

☐ Ceannaireacht éifeachtach;

☐ Cur chuige scoile uile;
☐ Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
☐ Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)

- a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
- ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;

☐ Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
☐ Tacaíochtaí don fhoireann;

 Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
 Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta. 41

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

Forálacha an Pholasaí

Tuigtear do bhainistíocht an Choláiste gur bulaíocht atá in iompar bagrach leanúnach ó dhuine aonair nó ó ghrúpa, bíodh sin ó bhéal nó go síceolaíoch nó go fisiciúil.

Bíodh agus go ndearcfar go tromchúiseach ar eachtra bagrach aonair agus nach mbeidh glacadh lena leithéid, déileáilfear leis na cásanna sin lasmuigh de scóip an pholasaí seo trí na gnáth chleachtais smachta.

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

AN CINEÁL BULAÍOCHTA	**SAMPLA DEN IOMPAR DEN CHINEÁL FISICIÚIL, Ó BHÉAL NÓ SÍCEOLAÍOCH**
GINEARÁLTA	• Ciapadh atá bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas (grounds) atá sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, agus araile • Forrántacht (aggression) fhisiciúil • Dochar do réadmhaoin (property) • Baisteachán • Cleithmhagadh • Forbairt, taispeáint nó scaipeadh focal scríofa, pictiúr nó ábhair eile arb é a gcuspóir imeaglú a dhéanamh ar dhuine eile • Graifítí • Sracadh (extortion) • Imeaglú • Gothaí

	• An "fhéachaint" • Sárú ar spás príobháideach • Cnuasacht de na cineálacha ar bith liostaithe
CIBEAR	• Glao ciúin teileafóin/fóin phóca • Glaonna maslacha/díbhlithe teileafóin/fóin phóca • Téacsteachtaireachtaí maslacha • Ríomhphoist mhaslacha • Ráitis/Blaganna/Pictiúir maslacha suímh Ghréasáin
HOMAFÓBACH	• Scaipeadh ráflaí faoi chlaonadh gnéis duine • Achasán (taunting) a chaitheamh le duine ar de chlaonadh gnéis dhifriúil é/í • Gothaí e.g. Aerach, aiteach, leispiach
CINÍOCH	• Idirdhealú, claontacht, ráitis nó maslaí faoi dhath, náisiúntacht, chultúr, aicme shóisialta, thuairimí creidimh, eitneach nó cúlra Taistealaithe/Lucht Siúil
CAIDREAMHACH	Baineann seo le mí-ionramháil (manipulating) caidrimh mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh, lena n-áirítear: • Cúlchaint mhailíseach • Aonrú & eisiamh • Neamhaird • Duine a choinneáil amach ón ngrúpa • Cairde duine a thógáil uaidh/uaithi • "Bitseáil" • Ag scaipeadh ráflaí • Rún a scaoileadh/a bhriseadh • Ag labhairt sách/os ard le go gcloisfidh an t-íospartach • An "fhéachaint"

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.
Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*

4. Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile)*:

Bliain 1: (A1) Déaglán Ó Greasáin & Caroline Ní Cheallaigh

Bliain 1: (A2) Donncha Furlong & Áine Uí Fhlanncaha

Bliain 2: Deirdre Ní Neachtain & Seán Ó Cadhain

Bliain 3: Seán Ó Briain & Siobhán Uí Chuinneagáin

Idirbhliain: Róisín Ní Bhriain & Gearóidín de Búrca & Brendán Ó Duill

Bliain 5: Turlough Ó Cuidithe & Marie Uí Dhufaigh

Bliain 6: Bairbre Ní Choisdealbha & Pádraig Ó Baoill

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (Féach Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

Smaointeoireacht agus Cuspóirí

Ag tabhairt aitheantas cuí do dhroch-thionchair éagsúla na bulaíochta ar scoláirí féachann bainistíocht na scoile ar bhulaíocht mar ábhar an-tromchúiseach.

I dtéarmaí beachta, cad é is dóigh a bhainfear amach leis an bpolasaí seo? Is féidir gurb iad na cuspóirí a liostaítear sna treoirlínte atá i gceist agus/nó cinn eile atá sainiúil don scoil, e.g.

- Éiteas scoile a chruthú a mhisníonn agus spreagann mic léinn le heachtraí d'iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé
- Feasacht maidir le bulaíocht, a deir gur cineál iompair dho-ghlactha atá ann, a chothú i measc bhainistíocht na scoile, múinteoirí, mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí

- Éiteas scoile a chruthú a aithníonn, a chuireann san áireamh agus a thugann ómós d'ilchineálacht mac léinn trasna na naoi bhforas (grounds) atá clúdaithe ag an reachtaíocht comhionannais

- A chinntiú go músclaíonn Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na scoile feasacht maidir leis na tosca (factors) a ghabhann le hiompar bulaíochta agus go bhforbraíonn sé eolas, scileanna agus iompar cuí
- Gníomhartha praiticiúla a chur i bhfeidhm chun eachtraí bulaíochta a chosc, e.g. bearta cuimsitheacha feitheoireachta agus monatóireachta a chinntiú trína gcoinneofar súil ghéar ar ghníomhaíochtaí uile na scoile

- Nósanna imeachta a fhorbairt i leith tuairisciú agus taifeadadh eachtraí d'iompar bulaíochta

- Nósanna imeachta a fhorbairt chun eachtraí d'iompar bulaíochta a imscrúdú, agus déileáil leo
- Clár tacaíochta a fhorbairt do dhaoine a bhfágann iompar bulaíochta a lorg orthu mar aon leis na daoine a théann i mbun iompar bulaíochta

- Obair le, agus trí, ghníomhaireachtaí éagsúla áitiúla chun gníomhú in aghaidh gach cineál bulaíochta agus gach cineál iompraíochta frithshóisialta
- Ciapadh: cineál ar bith iompair, gan iarraidh, i dtaca le ceann ar bith de na naoi bhforas (grounds) a liostaítear sa reachtaíocht comhionannais agus arb é a chuspóir nó a thoradh go sáraíonn sé dignit duine agus go gcruthaíonn sé timpeallacht imeaglach, naimhdeach, tháireach (degrading) nó ionsaitheach don íospartach.

- Ciapadh gnéasach: cineál ar bith iompair, gan iarraidh, bíodh sin ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiciúil, arb é a chuspóir nó a thoradh go sáraíonn sé dignit duine agus go gcruthaíonn sé timpeallacht imeaglach, naimhdeach, tháireach (degrading) nó ionsaitheach don íospartach.

- Is iad na naoi bhforas (grounds) ná inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, creideamh, agus ballraíocht den Phobal Taistealaithe/Lucht Siúil

6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

Feachtais Eolais

Cuirfear na scoláirí ar an eolas i leith pholasaí an Cholaiste maidir le bulaíocht agus cothófar airdeall i leith na ceiste trí chlár imeachtaí ag trátha éagsúla i rith na scoil bhliana.

Beidh an fhoireann san airdeall do chomharthaí sóirt na bulaíochta agus coinneofar ar an eolas iad maidir leis an ábhar. Déanfar monatóireacht agus feitheoireacht, chomh maith agus is féidir de réir acmhainne, ar chuile ghníomhaíocht scoile.

Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas i dtaobh pholasaí an Choláiste i leith bulaíochta agus spreagfar iad le tacú go gníomhach leis agus tabharfar cuireadh dóibh a bheith páirteach ina fhorbairt agus ina athbhreithniú.

Tuairisciú ar Eachtraí Bulaíochta (Féach Aguisín 3 Teimpléad chun Iompar bulaíochta a thaifeadadh)

Cuirfear cleachtais i bhfeidhm, mar atá sonraithe thíos, le tuairiscí ar bhulaíocht aithint go foirmealta, a fhiosrú agus le déileáil leo.

Cuirfear an Príomhoide nó an Príomhoide Tánaisteach ar an eolas ar an toirt maidir le cásanna tromchúiseacha.

Cuirfear tuismitheoirí an dream a ndéantar bulaíocht orthu agus tuismitheoirí na maistíní ar na eolas le deis a thabhairt dóibh an scéal a phlé agus le tacú lena gcuid gasúr sula dtéann an scéal níos faide.

Sa gcás go mbeadh sé oiriúnach déanfar gach iarracht faoin gClár Cúraim Tréadaigh féachaint le riachtanais an dá thaobh a shásamh le súil is go dtiocfaí ar réiteach agus go bhféadfaí a thuilleadh bulaíochta a sheachaint.

Sa gcás go ndéanfaí líomhain bulaíochta i leith baill den fhoireann cuirfear sin in iúl don té sin agus, más gá sin, don Phríomhoide.

An Nós Imeachta le déileáil le Bulaíocht

Seo ar leanas an nós imeachta a úsáidfear:-

- *Déan tuairisciú ar an mbulaíocht le duine ar bith de na múinteoirí.*
- *Déanfaidh an múinteoir déileáil leis an gcás (céard a tharla?, cár tharla sé?, cén t-am?, cé a bhí i gceist? agus cé eile a chonaic / chuala é) de réir mar a fheileann*
- *Déanfaidh an múinteoir an eachtra a thaifeadadh ag baint úsáide as' Aguisín 3'- Teimpléad chun Iompar bulaíochta a thaifeadadh)*
- *Cuirfear (más gá) an cás faoi bhráid an Phríomhoide / Oide Ranga.*
- *Rachaidh an Príomhoide / Oide Ranga i gcomhairle le tuismitheoirí an scoláire atá faoi leatrom agus an scoláire atá ag bulaíocht.*

7. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu: (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

- *Cuirfear comhairleoireacht ar fáil don scoláire a d'fhulaing bulaíocht.*
- *Cuirfear comhairleoireacht ar fáil don scoláire a rinne an bhulaíocht. Cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm. Braithfidh déine na smachtbhannaí ar thromchúis agus ar mhinicíocht na bulaíochta.*
- *Déanfaidh an fhoireann agus an Príomhoide monatóireacht leanúnach ar na cásanna bulaíochta.*

8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

Cleachtais Monatóireachta

Cuirfear tuairisc ar na cásanna bulaíochta a thagann chun solais ós comhair na ngnáth chruinnithe múinteoirí.
Tabharfaidh an Príomhoide/Oide Ranga tuarascáil ar chúrsaí mar a sheasann siad.

Polasaí maidir le Cosaint Leanaí (féach lch.36 Lámhleabhar)

Déanfar gach iarracht leas na ndaoine óga sa Choláiste a chothú agus a neartú. Tá sé de dhualgas ar an bhfoireann a bheith ar an airdeall agus na daoine óga a chosaint ó dhochar fisiciúil, ó dhochar gnéis agus ó dhochar intinne/mothúcháin laistigh agus lasmuigh den Choláiste.
Sa chás go bhfuil amhras ar aon bhall foirne faoi shábháilteacht pháiste, roinnfidh an té sin a (h)údar imní leis an Príomhoide, atá ag feidhmiú mar Duine Idirchaidrimh Ainmnithe-an ***Príomhoide*** nó mura bhfuil teacht ar an bPríomhoide, is í ***Aifric Ní Riagáin an DDLP.***

9. An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

10. Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an 10 AIBREÁN 2014 [dáta].

11. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

12. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: Pádraig Ó Súilleabhán Síniú: Brian Ó Maoilchiaráin
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) (Príomhoide)

Dáta: 10/4/2014. Dáta: 10/4/14

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: Tús gach scoil bhliain, 2014 ar aghaidh

Coláiste an Eachréidh
10 APR 2014
Brian Ó Maoilchiaráin